Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11086 – ARCELIK / WHIRLPOOL EMEA MDA)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 339/10)

1. An 18 Meán Fómhair 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Arçelik A.Ş. ('Arçelik', an Tuirc), a bhaineann le Koç Group (an Tuirc);

— Whirlpool Corporation's ('Whirlpool', Stáit Aontaithe Mheiriceá) mórghnólacht fearais tí san Eoraip, sa Mheánoirthear, agus san Afraic ('an Spriocghnóthas').

Gheobhaidh Arçelik rialú aonair ar an Spriocghnóthas de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Arçelik gníomhach i soláthar fearais tí agus leictreonaic tomhaltóra ar fud an domhain. Sa LEE, soláthraíonn Arçelik fearais mhóra tí faoi na brandaí seo a leanas: Beko, Blomberg, Arctic, Altus, Grundig, Flavel, Leisure, Zenith agus Elektrabregenz.

— Is éard atá sa Spriocghnóthas ná mórghnólacht fearais tí Whirlpool san Eoraip, sa Mheánoirthear, agus san Afraic, lena n-áirítear brandaí Whirlpool Ariston ([2]), Indesit, Hotpoint, Ignis, Privileg, Polar, Laden agus Bauknecht, agus ceadúnas eisiach do bhranda Whirlpool ar feadh suas le 40 bliain i gcodanna de chríoch na hEorpa, an Mheánoirthir agus na hAfraice, lena n-áirítear in LEE.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

Cás M.11086 – ARCELIK / WHIRLPOOL EMEA MDA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

([2]) Tá Arçelik agus Whirlpool fós i mbun caibidlíochta do na téarmaí faoina mbeidh cearta Whirlpool ar bhranda Ariston mar chuid den Spriocghnóthas.